



2024/1015

27.3.2024

**RIALACHÁN (AE) 2024/1015 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 26 Márta 2024**

**Iena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle <sup>(1)</sup>, socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad. Maidir leis na gabhála iomlána incheadaithe (TACanna) agus na teorainneacha iarrachta, agus na bearta atá nasctha go feidhmiúil leis na TACanna agus na teorainneacha iarrachta a shocraítear le Rialachán (AE) 2024/257, ba cheart iad a leasú chun foilsíú na comhairle eolaíche a chur san áireamh, chomh maith le torthaí na gcomhairliúcháin le tríú tíortha, agus torthaí chruinnithe na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).
- (2) Le Rialachán (AE) 2024/257, bunaíodh TAC le haghaidh sciataí agus roc (*Rajiformes*) in uiscí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i ranna 6a, 6b, 7a go 7c agus 7e go 7k de chuid na Comhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéaláíocht na Mara (ICES). Bunaíodh coinníoll speisialta faoin TAC sin leis an Rialachán sin freisin. Leis an gcoinníoll speisialta sin, ceadáitear don Aontas agus don Ríocht Aontaithe gabhála roca mionsúileach (*Raja microocellata*) a dhéanamh i roinn 7e ICES (Muir nÍocht Thiar) in 2024, chun gur féidir iascach faire a bheith ann chun bailiú sonraí iascachbhunaithe a cheadú le haghaidh an stoic sin arna mheasúnú ag ICES. Chun foráil a dhéanamh maidir le deimhneacht dhlíthiúil agus chun go bhféadfar 'cláir faireacháin' san iascach faire a dhéanamh, ba cheart cainníochtaí faoin gcoinníoll speisialta sin a chionroinnt ar na Ballstáit i gcomhréir le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta agus leis an scála cionroinnte le haghaidh sciataí agus roc in uiscí an Aontais agus na Ríochta Aontaithe i ranna 6a, 6b, 7a go 7c agus 7e go 7k ICES.
- (3) Sna comhairliúcháin dhéthaobhacha maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh na stoc a liostaítear in Iarscríbhinn 35 a ghabhann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile <sup>(2)</sup> ('an Comhaontú Trádála agus Comhair'), bhunaigh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe, den chéad uair, TACanna do 2024 le haghaidh an mhéid seo a leanas: (i) an leathóg bhán (*Glyptocephalus cynoglossus*) in uiscí an Aontais i roinn 3a; (ii) an leathóg mhín (*Microstomus kitt*) sa limistéar sin; agus (iii) an bhroit (*Scophthalmus rhombus*) sa limistéar sin. Go dtí go dtiocfar ar chomhaontú idir na Ballstáit maidir leis an gcaoi a ndéanfar na deiseanna iascaireachta sin a chionroinnt, is le 'le bunú' a marcáladh na TACanna le haghaidh na stoc sin i Rialachán (AE) 2024/257. Ba cheart an TAC agus cuóta an Aontais do na stoic sin a shocrú don tréimhse agus ar an leibhéal arna gcomhaontú leis an Ríocht Aontaithe, agus ba cheart cuótaí sin an Aontais a leithdháileadh ar na Ballstáit i gcomhréir leis an gcomhaontú maidir le scálaí cionroinnte le haghaidh na stoc sin ar thángthas air idir na Ballstáit lena mbaineann an 18 Márta 2024.
- (4) An 7 agus an 8 Márta 2024, rinne an tAontas agus an Ríocht Aontaithe comhairliúcháin dhéthaobhacha de bhun Airteagal 498(2), (4) agus (6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair maidir le leibhéal an TAC le haghaidh corr ghainimh bheag agus foghabhála gaolmhara (*Ammodytes* spp.) in uiscí na Ríochta Aontaithe agus in uiscí an Aontais d'fholimistéar 4 ICES, uiscí na Ríochta Aontaithe de roinn 2a ICES agus uiscí an Aontais i roinn 3a. Rinneadh toradh na gcomhairliúcháin sin a dhoiciméadú i dTaifead i Scríbhinn a síníodh an 12 Márta 2024. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC ábhartha a shocrú ar an leibhéal a comhaontaíodh leis an Ríocht Aontaithe.

<sup>(1)</sup> Rialachán (AE) 2024/257 ón gComhairle an 10 Eanáir 2024 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 (IO L, 2024/257, 11.1.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/257/oj>).

<sup>(2)</sup> IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

- (5) Ag an 12ú cruinniú bliantúil a bhí aici in 2024, ghlac an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) teorainneacha gabhála le haghaidh an bholmáin ghoirm (*Trachurus murphyi*) agus choinnigh sí iascaigh thaiscéaláíocha le haghaidh an déadéisc (*Dissostichus* spp.). Ina theannta sin, rinne SPRFMO na bearta atá nasctha go feidhmiúil a choinneáil ar bun nó a leasú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (6) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2023, chinn an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) na teorainneacha iarrachta peas-saighne agus an líon uasta soithí sin a dhéanann iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha a choinneáil ar bun. Leasaíodh forálacha a bhaineann le feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) a bhainistiú in iascach tuinníní trópaiceacha, agus go háirithe maidir le tréimhse choiscthe FADanna. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.
- (7) Maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ar thuinnín gorm (*Thunnus thynnus*) i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú (ICCAT) agus maidir le huas-ionchur agus uas-acmhainneacht le haghaidh fheirmeacha tuinníní gorma an Aontais, tá siad bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraítear sna pleananna iascaireachta bliantúla, sna pleananna bainistíochta maidir le hacmhainneacht iascaireachta agus sna pleananna bainistíochta feirmeoireachta bliantúla i gcomhair tuinnín gorm de chuid na mBallstát, arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 11, 13 agus 15 de Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*). Tá na Ballstáit leis na pleananna sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir gach bliain, de bhun Airteagal 16(1) de Rialachán (AE) 2023/2053. Tiomsóidh an Coimisiún na pleananna sin ina dhiaidh sin agus beidh siad ina mbonn chun plean bliantúil de chuid an Aontais a bhunú, ar plean é a chuirtear ar aghaidh chuig Rúnaíocht ICCAT lena phlé agus lena fhorghaibh, mar a cheanglaítear le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) 2023/2053. I gcomhréir le rialacha ICCAT arna n-athbhreithniú ag a chruinniú bliantúil in 2023, níor áiríodh feirmeacha neamhghníomhacha tuinníní gorma ná acmhainneachtaí feirmeoireachta gaolmhara den chéad uair i bplean bliantúil sin an Aontais do 2024. D'fhorghaibh ICCAT plean bliantúil 2024 de chuid an Aontais an 6 Márta 2024. Ba cheart teorainneacha iarrachta iascaireachta an Aontais agus uas-ionchur agus uas-acmhainneacht feirmeoireachta an Aontais do 2024 a leasú i gcomhréir leis an bplean bliantúil.
- (8) Rinneadh cuótaí an Aontais le haghaidh 2024 maidir leis na stoic i limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choigeartú le linn chruinniú bliantúil ICCAT i mí na Samhna 2023 i gcomhréir le roinnt moltaí ó ICCAT faoina bhféadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán socráithe dá chuóta deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a thabhairt ar aghaidh ó 2022 go dtí 2024. Dá bhrí sin, agus chun go bhféadfar na cainníochtaí sin a tugadh anonn a úsáid roimh thús na séasúir iascaireachta le haghaidh na stoc lena mbaineann, ba cheart an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) chun na choigeartuithe sin a rinneadh ar chuóta an Aontais a léiriú, ba cheart cuótaí an Aontais a leasú do thuinnín colgach an Tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) (ALB/AN05N), do thuinnín colgach an Deiscirt (ALB/AS05N), don tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach (BET/ATLANT), agus don cholgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5° T (SWO/AN05N) agus don cholgán san Aigéan Atlantach, laisteas de 5° T (SWO/AN05N); agus (ii) ba cheart cuótaí na mBallstát faoi na cuótaí sin de chuid an Aontais a leasú dá réir, agus prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta á chur san áireamh.
- (9) Ag an 14ú cruinniú a bhí aici in Samarkand na hÚisbéiceastáine, ón 12 go dtí an 17 Feabhra 2024, chuir Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine an siorc tíograch gainimh (*Carcharias taurus*) leis na speicis faoi chosaint a liostaítear i bhFoscscríbhinní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Dá bhrí sin, ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais trí thoirmeasc a chur ar na soithí seo a leanas: (i) soithí iascaireachta de chuid an Aontais sna huiscí uile; agus (ii) soithí iascaireachta tríú tír in uiscí an Aontais i dtaca leis an speiceas sin a iascach, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír. Mar sin féin, le hAirteagal 98(2) de Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (\*), tá an toirmeasc sin bunaithe cheana féin maidir leis an siorc tíograch gainimh sa Mheánmhuir. Chun forálacha forluiteacha maidir leis an ábhar céanna a sheachaint, níor cheart, dá bhrí sin, a mhéid a bhaineann leis an Meánmhuir, toirmeasc den sórt sin a bhunú, ach amháin do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais sna huiscí uile, seachas sa Mheánmhuir, agus do shoithí iascaireachta tríú tír in uiscí an Aontais.
- (10) Tagraíonn Airteagal 41(3), agus Airteagal 43 de Rialachán (AE) 2024/257 araon don líon uasta céanna soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun an colgán (*Xiphias gladius*) a iascach i limistéir de limistéar Choinbhinsiún WCPFC. Ba cheart, dá bhrí sin, Airteagal 41(3) a scriosadh ar mhaithe le soiléireacht dhlíthiúil.

(\*) Rialachán (AE) 2023/2053 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1936/2001, (AE) 2017/2107 agus (AE) 2019/833, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2016/1627 (IO L 238, 27.9.2023, lch. 1).

(\*) Rialachán (AE) 2023/2124 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Deireadh Fómhair 2023 maidir le forálacha áirithe i ndáil le hiascaireacht i limistéar Chomhaontú an Choimisiúin Ghinearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM) (IO L, 2023/2124, 12.10.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2124/oj>)

- (11) Ba cheart Airteagal 59 de Rialachán (AE) 2024/257 maidir le teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm a cheartú i ndáil le bearta ar an eascann Eorpach (*Anguilla anguilla*) in uiscí muirí agus goirte an Aontais i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8 agus 9 ICES agus in uiscí goirte de chuid an Aontais atá cóngarach dóibh.
- (12) Ba cheart earráidí áirithe sna táblaí TAC sna hlarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257 a cheartú. Áirítear orthu sin earráidí a bhaineann leis an méid seo a leanas: (i) TACanna, cuótaí an Aontais agus cuótaí na mBallstát; (ii) an cineál TAC (i.e. ‘TAC anailíseach’ nó ‘TAC réamhchúraim’); (iii) cur i bhfeidhm solúbthachta ó bhliain go bliain maidir le cuótaí na mBallstát de bhun Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 <sup>(?)</sup> (iv) tuairiscí limistéir; agus (v) cóid tuairiscithe. Ina theannta sin, sna hlarscríbhinní sin, ba cheart forálacha áirithe a shoiléiriú sna táblaí TAC seo a leanas: (i) na táblaí TAC le haghaidh an roic dústríochta (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 8 agus 9 ICES faoi seach; agus (ii) na táblaí TAC le haghaidh an ronnaigh (*Scomber scombrus*) sa Mhuir Thuaidh agus i Muir Bhailt.
- (13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2024/257 a leasú dá réir.
- (14) Tá feidhm ón 1 Eanáir 2024 ag na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/257. Dá bhrí sin, na forálacha maidir le deiseanna iascaireachta a thugtar isteach leis an Rialachán seo, ba cheart feidhm a bheith acu ón dáta sin chomh maith. Ní dhéanann cur i bhfeidhm cúlghabhálach den sórt sin difear do phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla ná do phrionsabal an ionchais dhliteanaigh a chosaint, mar go bhfuil méadú tagtha ar na deiseanna iascaireachta atá i gceist nó nár ídíodh go fóill iad.
- (15) Ba cheart feidhm a bheith ag forálacha an Rialacháin seo maidir leis an siorc tíograch gainimh ón 1 Aibreán 2024, is é sin: (i) tar éis an 14ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine, a bhí ar siúl ón 12 go dtí an 17 Feabhra 2024; agus (ii) roimh theacht i bhfeidhm an leasaithe ar Fhoscríbhinní I agus II a ghabhann le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine an 17 Bealtaine 2024.
- (16) I bhfianaise na práinne atá le briseadh sna gníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

#### Airteagal 1

#### Leasú ar Rialachán (AE) 2024/257

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2024/257 mar a leanas:

- (1) in Airteagal 20(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:
- ‘(ba) an siorc gainimh (*Carcharias taurus*) sna huiscí uile seachas sa Mheánmhuir;’
- (2) in Airteagal 41, scriostar mír 3;
- (3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:

‘Airteagal 42

#### Iascaireacht a bhainistiú le FADanna

1. Sa chuid sin de limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá suite idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí peas-saighne, soithí tairisceana, ná aon soitheach eile a oibríonn mar thacaíocht do shoithí peas-saighne, FADanna a imscaradh, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00.00 uair an chloig an 1 Iúil 2024 agus 24.00 uair an chloig an 15 Lúnasa 2024.

2. I dteannta an toirmisc i mír 1, toirmeascfar eangacha a chur ar FADanna ar mórmhuir i limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá suite idir 20° T agus 20° D ar feadh mí bhreise amháin, ó 00.00 uair an chloig an 1 Aibreán 2024 go 24.00 uair an chloig an 30 Aibreán 2024, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Bealtaine 2024 go 24.00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2024, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Samhain 2024 go 24.00 uair an chloig an 30 Samhain 2024, nó ó 00.00 uair an chloig an 1 Nollaig 2024 go 24.00 uair an chloig an 31 Nollaig 2024.

<sup>(?)</sup> Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

3. Cinnfidh na Ballstáit lena mbaineann go comhpháirteach cé acu de na tréimhsí coiscthe dá dtagraítear i mír 2 a mbeidh feidhm aici maidir le soithí peas-saighne a mbeidh a mbratach ar foluain acu. Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas go comhpháirteach faoin 15 Feabhra 2024 maidir leis an tréimhse choiscthe a roghnaíodh. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht WCPFC maidir leis an gcomhthréimhse choiscthe a roghnaigh na Ballstáit lena mbaineann roimh an 1 Márta 2024.

4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí peas-saighne dá chuid a imscaradh ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh peas-saighne.;

(4) in Airteagal 55(1), cuirtear an pointe seo a leanas isteach:

‘(aa) an siorc gainimh (*Carcharias taurus*) in uiscí uile an Aontais;’;

(5) in Airteagal 59, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

‘(a) beidh feidhm ag Airteagal 13(1) agus (7) ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Márta 2025;

(b) beidh feidhm ag Airteagal 13(2) go (6) ón 1 Aibreán 2024 go dtí an 31 Márta 2025;’;

(6) in Airteagal 59, cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

‘(ca) beidh feidhm ag Airteagal 20(1), pointe (ba), ón 1 Aibreán 2024;

(ga) beidh feidhm ag Airteagal 55(1), pointe (aa), ón 1 Aibreán 2024;’;

(7) leasaítear Iarscríbhinní IA, IG, IH, VI, IX agus XI i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Airteagal 2

### Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Márta 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

D. CLARINVAL

## IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinní IA, IG, IH, VI, IX agus XI a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/257 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

Tábla 1	
'Speiceas:	Limistéar:
An chorr ghainimh agus foghabhálacha gaolmhara <i>Ammodytes</i> spp.	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a; uiscí an Aontais in 3a
an Danmhairg	158 096 <sup>(1)</sup> TAC anailíseach
an Ghearmáin	241 <sup>(1)</sup> Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
an tSualainn	5 805 <sup>(1)</sup> Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
an tAontas	164 142
an Ríocht Aontaithe	5 269
TAC	169 411

<sup>(1)</sup> Féadfaidh suas le 2 % den chuóta a bheith ina fhoghabhálacha faoitíní agus ronnach (OT1/\*2A3A4X). Foghabhálacha faoitíní agus ronnach arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun na forála seo agus foghabhálacha speiceas arna gcomhaireamh in aghaidh an chuóta de bhun Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní rachaidh siad, i dtéannta a chéile, thar 9 % den chuóta.

Coinníoll speisialta: laistigh de theorainneacha na gcuótaí sin, ní fhéadfar níos mó ná na cainníochtaí a thugtar thíos a ghabháil sna limistéir bhainistíochta seo a leanas le haghaidh corra gainimh, mar a shainítear in Iarscríbhinn III:

Limistéar: uiscí an Aontais ina bhfuil limistéir bhainistíochta le haghaidh corra gainimh

	1r	2r	3r	4	5r	6	7r
	(SA-N/234_1R) <sup>(1)</sup>	(SA-N/234_2R) <sup>(1)</sup>	(SA-N/234_3R) <sup>(2)</sup>	(SA-N/234_4)	(SA-N/234_5R)	(SA-N/234_6) <sup>(1)</sup>	(SAN/234_7-R)
an Danmhairg	119 773	33 526	4 666	0	0	131	0
an Ghearmáin	183	51	7	0	0	0	0
an tSualainn	4 398	1 231	171	0	0	5	0
an tAontas	124 354	34 808	4 844	0	0	136	0
an Ríocht Aontaithe	3 992	1 117	156	0	0	4	0
Iomlán	128 346	35 925	5 000	0	0	140	0

<sup>(1)</sup> Laistigh den limistéar bainistíochta sin amháin, is féidir suas le 10 % den chuóta sin a thaisceadh agus a úsáid an bhliain dár gcionn.

<sup>(2)</sup> Ní fhéadfar an cuóta sin a iascach in uiscí an Aontais i limistéar bainistíochta 3r le haghaidh corra gainimh ach amháin mar TAC faireacháin le prótacal samplála gaolmhar don iascach.'

(2) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 29:

<b>Tábla 29</b>			
‘Speiceas:	An leathóg bhán <i>Glyptocephalus cynoglossus</i>	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 3a (WIT/*03A-C.)
an Danmhairg	542 <sup>(1)</sup>	TAC anailíseach	
an Ghearmáin	1 <sup>(1)</sup>		
an Ísiltír	1 <sup>(1)</sup>		
an tSualainn	113 <sup>(1)</sup>		
an tAontas	657 <sup>(1)</sup>		
TAC	657		

<sup>(1)</sup> A bhféadfár suas le 100 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (WIT/\*2AC4-C1).’

(3) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 60:

<b>Tábla 60</b>			
‘Speiceas:	An leathóg mhín agus an leathóg bhán <i>Microstomus kitt</i> agus <i>Glyptocephalus cynoglossus</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (L/W/2AC4-C)
an Bheilg	121	TAC réamhchúraim	
an Danmhairg	335		
an Ghearmáin	43		
an Fhrainc	92		
an Ísiltír	278		
an tSualainn	4		
an tAontas	873 <sup>(3)(4)</sup>		
an Ríocht Aontaithe	1 666 <sup>(1)(2)</sup>		
TAC	2 539		

<sup>(1)</sup> A bhféadfár suas le 1 125 thona de leathóga míne a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (LEM/\*2AC4-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d (LEM/\*07D.).

<sup>(2)</sup> A bhféadfár suas le 541 thona de leathóga bána a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (WIT/\*2AC4-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d (WIT/\*07D.).

<sup>(3)</sup> A bhféadfár suas le 590 tona de leathóga míne a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (LEM/\*2AC4-C); uiscí an Aontais in 3a (LEM/\*03A-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d (LEM/\*07D.).

an Bheilg	82
an Danmhairg	226
an Ghearmáin	29
an Fhrainc	62
an Ísiltír	188
an tSualainn	3

(4) A bhféadfar suas le 283 thona de leathóga bána a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (WIT/\*2AC4-C), uiscí an Aontais in 3a (WIT/\*03A-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d (WIT/\*07D.).

an Bheilg	39
an Danmhairg	109
an Ghearmáin	14
an Fhrainc	30
an Ísiltír	90
an tSualainn	1'

(4) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 61:

**Tábla 61**

'Speiceas:	An leathóg mhín	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 3a
	<i>Microstomus kitt</i>		(LEM/*03A-C.)
an Danmhairg	170 <sup>(1)</sup>	TAC anailíseach	
an Ghearmáin	2 <sup>(1)</sup>		
an Ísiltír	10 <sup>(1)</sup>		
an tSualainn	5 <sup>(1)</sup>		
an tAontas	187 <sup>(1)</sup>		
TAC	187		

(1) A bhféadfar suas le 100 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (LEM/\*2AC4-C1).'

(5) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 68:

**Tábla 68**

'Speiceas:	An langa	Limistéar:	Uiscí an Aontais in 3a
	<i>Molva molva</i>		(LIN/03A-C.)
an Bheilg	11	TAC réamhchúrait'	
an Danmhairg	88		
an Ghearmáin	11		
an tSualainn	34		
an tAontas	144		
an Ríocht Aontaithe	0		
TAC	144		

(6) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 73:

<b>Tábla 73</b>			
'Speiceas:	<i>Gliomach na hIorua</i> <i>Nephrops norvegicus</i>		Limistéar: Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (NEP/2AC4-C)
an Bheilg	1 107,5		TAC anailíseach
an Danmhairg	1 107,5		Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo'
an Ghearmáin	16		
an Fhrainc	33		
an Ísiltír	570		
an tAontas	2 834		
an Ríocht Aontaithe	18 350		
TAC	21 184		

(7) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 78:

<b>Tábla 78</b>			
'Speiceas:	An séacla Artach <i>Pandalus borealis</i>		Limistéar: Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (PRA/2AC4-C)
an Danmhairg	588 <sup>(1)</sup>		TAC réamhchúraim
an Ísiltír	6 <sup>(1)</sup>		Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96
an tSualainn	24 <sup>(1)</sup>		
an tAontas	618 <sup>(1)</sup>		
an Ríocht Aontaithe	174 <sup>(1)</sup>		
TAC	792 <sup>(1)</sup>		

<sup>(1)</sup> Le haghaidh foghabhálacha amháin. Ní cheadaítear iascaigh dhírithe le haghaidh an séacla Artaigh faoin gcuóta seo.'



(8) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 79:

<b>Tábla 79</b>			
‘Speiceas:	An séacla Artach <i>Pandalus borealis</i>	Limistéar:	Uiscí na hIorua laistean de 62 <sup>o</sup> T (PRA/4N-S62)
an Danmhairg	50	TAC anailíseach	
an tSualainn	123 <sup>(1)</sup>	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 3(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
an tAontas	173	Ní bheidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96	
TAC	Ní bhaineann le hábhar		
<sup>(1)</sup> Ní mór foghabhálacha trosc, cadóg, mangach, faoitíní agus glasán a chomhaireamh in aghaidh an chuóta le haghaidh na speiceas seo.’			

(9) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 93:

<b>Tábla 93</b>			
‘Speiceas:	An turbard agus an bhroit <i>Scophthalmus maximus</i> agus <i>Scophthalmus rhombus</i>	Limistéar:	Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (T/B/2AC4-C)
an Bheilg	251	TAC anailíseach	
an Danmhairg	537	Tá feidhm ag Airteagal 7(2) den Rialachán seo	
an Ghearmáin	137		
an Fhrainc	65		
an Ísiltír	1 904		
an tSualainn	4		
an tAontas	2 898 <sup>(3)(4)</sup>		
an Ríocht Aontaithe	708 <sup>(1)(2)</sup>		
TAC	3 606		
<sup>(1)</sup> A bhféadfar suas le 400 tona de thurbaird a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (TUR/*2AC4-C).			
<sup>(2)</sup> A bhféadfar suas le 308 dtona de bhroiteanna a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (BLL/*2AC4-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d agus 7e (BLL/*7DE.).			
<sup>(3)</sup> A bhféadfar suas le 1 638 dtona de thurbaird a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (TUR/*2AC4-C).			
	an Bheilg	142	
	an Danmhairg	303	
	an Ghearmáin	77	
	an Fhrainc	37	
	an Ísiltír	1 077	
	an tSualainn	2	

(4)	A bhféadfar suas le 1 260 tona de bhroiteanna a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4, agus in uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (BLL/*2AC4-C); uiscí an Aontais in 3a (BLL/*03A-C); agus uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 7d agus 7e (BLL/*7DE.).	
	an Bheilg	109
	an Danmhairg	233
	an Ghearmáin	60
	an Fhrainc	28
	an Ísiltír	828
	an tSualainn	2'

(10) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 94:

<b>Tábla 94</b>		
‘Speiceas:	An bhroit <i>Scophthalmus rhombus</i>	Limistéar: Uiscí an Aontais in 3a (BLL/03A-C.)
an Danmhairg	116 <sup>(1)</sup>	TAC anailíseach
an Ghearmáin	0 <sup>(1)</sup>	
an Ísiltír	11 <sup>(1)</sup>	
an tSualainn	21 <sup>(1)</sup>	
an tAontas	148 <sup>(1)</sup>	
TAC	148	
(1) A bhféadfar suas le 100 % de a iascach in uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 4; uiscí na Ríochta Aontaithe in 2a (BLL/*2AC4-C1).’		

(11) In Iarscríbhinn IA, Cuid B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 98:

<b>Tábla 98</b>		
‘Speiceas:	Sciataí agus roic <i>Rajiformes</i>	Limistéar: Uiscí na Ríochta Aontaithe agus uiscí an Aontais in 6a, 6b, 7a-c agus 7e-k (SRX/67AKXD)
an Bheilg	824 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	TAC réamhchúraim
an Eastóin	5 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Fhrainc	3 702 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Ghearmáin	11 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
Éire	1 191 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Liotuáin	19 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Ísiltír	3 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Phortaingéil	20 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Spáinn	996 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an tAontas	6 771 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
an Ríocht Aontaithe	2 985 <sup>(1)(2)(3)(4)(5)</sup>	
TAC	9 756 <sup>(3)(4)(5)</sup>	

- (1) Déanfar gabhálacha roc na súl dubh (*Leucoraja naevus*) (RJN/67AKXD), roc garbh (*Raja clavata*) (RJC/67AKXD), roc fionn (*Raja brachyura*) (RJH/67AKXD), roc mín (*Raja montagui*) (RJM/67AKXD), roc gainmheach (*Leucoraja circularis*) (RJI/67AKXD) agus roc úcaire (*Leucoraja fullonica*) (RJF/67AKXD) a thuairisciú ar leithligh.
